gretb

Bord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin

Galway and Roscommon
Education and Training Board

Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

Plean Seirbhíse

2023

Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach

Leagann Plean Seirbhíse 2023 GRETB amach cineál agus méid an oideachais agus na hoiliúna a fhéachaimid a chur ar fáil in 2023. Tá a leithéid de sholáthar seo laistigh de na hacmhainní atá curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais (RO) agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), agus comhlachtaí maoinithe eile.

Cuimsíonn an Plean Seirbhíse seo Ráiteas Straitéise nua cúig bliana GRETB 2022 - 2026, a threoróidh ár gcuid oibre i rith 2023. Faigheann ár bhfoireann inspioráid ónár mbunluachanna, mar atá, meas, barr feabhais, comhbhá agus pobal, chun an fhís atá againn a chur i gcrích, is é sin a bheith inár gceannródaithe maidir le cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar atá ar ardchaighdeán, nuálaíoch, cuimsitheach agus freagrúil.

An misean atá againn ná oideachas, oiliúint agus seirbhísí óige a sholáthar agus a fhorbairt, agus tacaíocht a thabhairt, ar bhealach a chuireann ar chumas daoine a lánacmhainneacht a bhaint amach agus cur leis an tsochaí. Chuige sin, cuireann GRETB ar fáil raon leathan seirbhísí oideachais fud fad réigiún an-mhór in Iarthar na hÉireann. Freastalaímid ar dhaonra éagsúil le riachtanais éagsúla oideachais, shóisialta agus chultúrtha. Cuirimid ar fáil deiseanna oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin agus inbhuanaithe do bhunscoileanna, d'iar-bhunscoileanna, Iar-Ardteistiméireacht, Oideachas agus Oiliúint Athdheise, Printíseachtaí, Mic Léinn faoi Oiliúint, Oideachas Pobail, Litearthacht agus Oideachas Allamuigh, agus go leor clár agus seirbhísí eile sa réigiún. Le linn 2022, chuidigh ár gComhordaitheoir d'Fhoireann Réigiúnach Oideachais agus Teanga (REALT) le háiteanna a fháil do bhreis is 1,500 leanbh Úcránach i scoileanna i réigiún na Gaillimhe agus Ros Comáin (tuairim is 700 i mbunscoileanna agus 361 in iar-bhunscoileanna).

Agus muid ag treisiú ár n-iarrachtaí seirbhísí agus torthaí oideachasúla a fheabhsú, is gá dúinn díriú ar chostas agus inbhuanaitheacht seirbhísí le go gcinnteoimid go mbainfimid amach an luach is fearr ar airgead don phobal agus dár bhfoghlaimeoirí araon. Aithníonn GRETB an riachtanas feidhmiú laistigh de theorainneacha an chistithe a fhaighimid. Ag cur san áireamh scála na ndúshlán geografach agus déimeagrafach atá i gceist, déanfaidh GRETB gach is féidir linn leis na hacmhainní a fhaighimid.

Aithním tacaíocht leanúnach bhaill ár gcoistí agus tiomantas na foirne uile. Tá muintir na Gaillimhe agus Ros Comáin, a bhíonn ag gabháil le seirbhísí an GRETB, á gcumhachtú ag a n-iarrachtaí laethúla siúd ar bhonn leanúnach.

Daibhéid Ó Laocha

Príomhfheidhmeannach

1. Eolas Cúlra

Tá struchtúr corparáideach ag GRETB atá comhdhéanta de bhord atá ceaptha go daonlathach (forchoimeádta), mar aon le foireann bainistíochta (feidhmeannas). Tá ár bPríomhoifig lonnaithe i mBaile Átha an Rí agus ár bhFo-Oifig i mBaile Ros Comáin.

Cuireann GRETB raon leathan seirbhísí oideachais ar fáil i gceantar an-fhairsing in Iarthar na hÉireann. Freastalaímid ar dhaonra ilchineálach le riachtanais éagsúla oideachais, sóisialta agus cultúrtha. Cuirimid seirbhísí ar fáil do dhaonra os cionn 346,446 (An Phríomh-Oifig Staidrimh 2022). Áirítear scoileanna náisiúnta pobail, scoileanna dara leibhéal, breisoideachas agus oiliúint agus cláir oideachais agus oiliúna phobalbunaithe, mar aon leis an Ionad Oideachais Allamuigh i gCeapach na gCapall, i measc na seirbhísí sin. Is é GRETB a chuireann i bhfeidhm agus a bhainistíonn an tSeirbhís Oideachais i bPríosún an Chaisleáin Riabhaigh agus san Ionad Oideachais do dhídeanaithe i mBealach an Doirín. Is é GRETB an eagraíocht cheannais do thrí thionscadal Music Generation (Contae na Gaillimhe, Cathair na Gaillimhe agus Ros Comáin). De réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, táimid freagrach as tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú ar sheirbhísí obair óige i gcontaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin.

Tá GRETB ar an dara Bord Oideachais agus Oiliúna is mó sa tír ó thaobh na tíreolaíochta de, lena n-áirítear ceithre oileán amach ón gcósta. Síneann sé ó Mhainistir na Búille i gContae Ros Comáin, go Conamara san Iarthar, isteach go Cathair na Gaillimhe agus soir ó dheas go Port Omna in oirthear Chontae na Gaillimhe. Tá an limistéar Gaeltachta is mó sa tír ó thaobh fairsinge agus daonra i gContae na Gaillimhe. Gné lárnach de phríomhsheirbhís GRETB is ea cur chun cinn na Gaeilge, arna shonrú i gcuspóir 4.1 dár Ráiteas Straitéise. Tá ocht gColáiste lán-Ghaeilge faoi chúram an Bhoird agus feidhmíonn roinnt dár n-ionad Breisoideachais agus Oiliúna i gConamara trí mheán na Gaeilge.

Seirbhís	Suíomhanna	Líon rannpháirtithe 2022/2023
Scoileanna Náisiúnta Pobail (CNS)	2	147
Iar-Bhunscoileanna	19	7,031
Ranganna Tráthnóna i Scoileanna 2021/2021		919
		Tairbhithe 2022**
Ionaid Breisoideachais & Oiliúna, Ionaid Iar-Ardteistiméireachta san áireamh	41	17,624
Music Generation (rannpháirtithe rialta)		9,923

*Déantar Ranganna Tráthnóna i scoileanna a thaifeadadh faoi Scoileanna, agus Ranganna Tráthnóna san Ionad Oiliúna a thaifeadadh faoi FET sa Phlean Seirbhíse seo.
** Tagraíonn Tairbhithe don líon iomlán rannpháirtithe ar chláir ó 1 Eanáir 2022 go 31 Nollaig 2022.

2. Fís, Misean agus Bunluachanna

Thug Bord GRETB faomhadh do Ráiteas Straitéise GRETB 2022-2026 i mí na Nollag 2021. Le linn don Ráiteas Straitéise seo bheith á ullmhú, rinneadh breithniú ar eochairstraitéisí náisiúnta, cosúil le Straitéis na Roinne Oideachais, an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna, chomh maith le straitéisí náisiúnta eile. Aithníodh roinnt téamaí comónta sna doiciméid sin agus ba iad seo ba bhun le forbairt straitéis GRETB. Chuathas i mbun próiseas comhairliúcháin comhoibríoch tras-earnála le príomhpháirtithe leasmhara. Aithníodh spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha mar thoradh ar an bpróiseas sin, agus tá plean feidhmiúcháin cúig bliana curtha i dtoll a chéile. Déanfaidh an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí monatóireacht ar na gníomhartha uile.

Fís, Misean agus Bunluachanna



Líne Lipéid GRETB – Daoine a Chumhachtú don Saol

Spriocanna Straitéiseacha

Leagtar amach ceithre sprioc straitéiseacha ardleibhéil i Ráiteas Straitéise GRETB, atá ag teacht le straitéisí náisiúnta oideachais:

DAOINE - Meas a bheith againn ar ár bhfoireann, ár ndaltaí agus ár bhfoghlaimeoirí, iad a fhorbairt, agus tacú leo

CLÁIR - Cláir oideachais agus oiliúna a chur ar fáil atá ar ardchaighdeán, freagrúil agus cuimsitheach

PRÓISEAS - Ceannasaíocht a thabhairt maidir le forbairt eagrúcháin agus rialachas corparáideach

ACMHAINN - Próifíl GRETB a ardú agus cur lenár soláthar i gcomhpháirtíocht lenár bpríomhpháirtithe leasmhara

Tá cuspóirí straitéiseacha dá gcuid féin ag gach sprioc, a chuirfear i gcrích trí shraith beart tacaíochta. Dearadh na spriocanna agus na cuspóirí seo chun cuidiú le GRETB teacht i dtír ar na deiseanna a d'fhéadfadh a theacht aníos agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a thiocfaidh chun cinn sna cúig bliana seo romhainn.

3. 1 Ráiteas Seirbhíse – Scoileanna

Tá GRETB ina phátrún ar 19 scoil iar-bhunoideachais agus 2 Scoil Náisiúnta Phobail (CNS). Mar phátrún, soláthraíonn GRETB raon seirbhísí agus tacaíochtaí do gach scoil, lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, forbairt cláir, acmhainní daonna, rialachas, airgeadas, cóiríocht agus cothabháil, ráthú caighdeáin, forbairt beartais, chomh maith le feabhas a chur ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim don bhliain acadúil 2022-2023, chomh maith le maoirseacht ar chosaint leanaí.

Comhobríonn GRETB go díreach le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) mar aon le forais náisiúnta eile agus páirtnéirí san oideachas chun Beartas Oideachais a fhorbairt agus cuidiú le scoileana GRETB le go gcuirfí san áireamh a n-ionchur siúd i mbeartas oideachais agus cinnteoireacht cleachtas oideachais agus fóraim phlé.

Leis an gcogadh san Úcráin, chuir an rialtas maoiniú ar fáil chun Comhordaitheoir d'Fhoireann Oideachais agus Teanga Réigiúnach (REALT) a cheapadh i ngach ETB in 2022. Is é príomhról na gComhordaitheoirí seo ná struchtúir thacaíochta oideachais agus seirbhísí gaolmhara a chur ar fáil do pháistí Úcránacha agus a dteaghlaigh, agus cuidiú leo áiteanna a fháil i scoileanna. Le linn 2022, chuidigh ár gComhordaitheoir d'Fhoireann Oideachais agus Teanga Réigiúnach (REALT) le háiteanna a fháil do bhreis is 1,000 leanbh Úcránach i scoileanna i réigiún na Gaillimhe agus Ros Comáin. Le linn 2023, leanfaidh an Comhordaitheoir leis an tacaíocht sin do scoileanna chun freastal ar riachtanais oideachais na bpáistí sin de réir mar a thagann siad chun cinn, chomh maith le comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil don Roinn tuilleadh acmhainní a fhorbairt nuair is gá.

In 2022, bhainistigh GRETB leithdháileadh de bhreis is 400 scoláireachtaí i scoileanna iar-bhunoideachais DEIS chun go bhfreastalódh scoláirí sna scoileanna sin ar choláistí samhraidh Gaeltachta fud fad na tíre. Rinneadh sin thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán. Glactar leis go leanfar leis an gclár seo in 2023.

Beidh mar phríomhchúram ar an gComhordaitheoir Éitis in 2023, na cúig chroíluachanna a leabú, mar atá comhbhách, pobal, comhionannas, meas agus barr feabhais in oideachas, i ngach bunscoil náisiúnta phobail (CNS) agus iar-bhunscoil GRETB. Déanfar seo tríd an Líonra d'Fhoghlaim Ghairmiúil (PLN) de Cheannairí Foirne Éitis, i gcomhar leis na foirne Éitis sna scoileanna. Tá an PLN faoi cheannaireacht Chomhordaitheoir Éitis GRETB. Nascfaidh gach scoil Éiteas leis an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile. Oibreoidh scoil amháin GRETB, Coláiste Pobail Ros Comáin, le hOllscoil Chathair Átha Cliath (DCU) chun an próiseas Féinmheastóireachta Scoile Éitis a phíolótú. Seoladh Creat an Phátrúin i mí na Samhna 2022 agus imreoidh sin tionchar ar chur i bhfeidhm an Éitis i scoileanna ETBanna. Déanfar píolótú ar an ngearrchúrsa Éitis i scoil amháin GRETB, Coláiste an Ardeaspaig Mhic Éile, le linn na bliana acadúla 2023-2024.

Ceapadh Comhordaitheoir Féinmheastóireachta Scoile GRETB in 2022 chun an próiseas Féinmheastóireachta Scoile a fhorbairt mar uirlis mhachnaimh agus feabhsúcháin i dtaca leis an gcreat "Ag breathnú ar an Scoil Againne" (LAOS), le fócas ar chomhoibriú gairmiúil agus forbairt ceannaireachta. Leanfar le hobair an chomhordaitheora in 2023.

I measc rólanna ceannaireachta breise atá ag feidhmiú chun obair a chur chun cinn i scoileanna GRETB, tá: Eochairphearsa um Thoiliú Gníomhach *(Active Consent)*; Ionadaí GRETB ar Líonra Gaeloideachais BOOÉ/ETBI; Comhordaitheoir Ionchuimsitheachta GRETB, agus leanfaidh tacaíocht GRETB do na rólanna seo in 2022/2023.

In 2022, chuir GRETB tús le clár píolótach i gcomhar le Cumann Naomh Uinseann de Pól (SVP) agus chomhoibrigh leis an gCumann sin ina n-anailís ar an soláthar tacaíochtaí airgeadais neamhphoiblí do thuismitheoirí faoi bhrú airgeadais chun costais oideachais/seach-churaclaim a chlúdach.

Tá modhanna agus struchtúir á meas ag GRETB faoi láthair chun tacú le meantóireacht Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha nuacheaptha. Tá roinnt de bhainistíocht shinsearach GRETB tar éis iad féin a chur chun cinn mar mheantóirí aitheanta agus tá tacaíocht agus treoir á gcur ar fáil acu dá gcomhghleacaithe nuacheaptha ag leibhéal Príomhoide agus Príomhoide Tánaisteach araon in 2022/2023. Meastar go bhfuil tacaíocht den chineál seo ríthábhachtach mar go mbíonn iltascáil agus cinnteoireacht leanúnach i gceist le ról an Phríomhoide/Phríomhoide Thánaistigh, agus iad ag obair go minic gan eolas iomlán a bheith acu agus ag déileáil le córais chasta. Leanfar leis an tacaíocht seo in 2023.

Tá ról lárnach ag Coláistí Pobail Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin ina bpobail áitiúla. Is scoileanna ionchuimsitheacha iad, agus déanann siad éascaíocht do dhaoine óga a lánacmhainneacht a bhaint amach trí chaighdeáin arda a chur i bhfeidhm agus saoránacht fheasach a chothú laistigh de scoileanna tacúla agus forásacha.

I measc na gclár a chuirtear ar fáil inár gColáistí Pobail, tá:

- An Teastas Sóisearach
- Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (JCSP)
- An Idirbhliain
- An Ardteistiméireacht
- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta
- Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta
- Scoil Cheoil
- Scéim Bhliain ar Oileán (Bliain acadúil amháin ar oileán amach ón gcósta)
- Clár Oideachais Aosaigh agus ranganna tráthnóna

Tá fáil ar raon iomlán ábhar sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach, lena n-áirítear teangacha, na dána, na healaíona, teicneolaíocht agus eolaíocht. Spreagtar mic léinn le bheith rannpháirteach i ngach gné de shaol na scoile le linn 2022-2023, lena n-áirítear raon gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim e.g. Turais Idirbhliana, drámaíocht, ceoldrámaí, díospóireacht, spórt, gníomhaíochtaí cultúrtha, Erasmus, iliomad gníomhaíochtaí Gaeilge, taithí oibre agus araile.

Le cinntiú go mbainfear amach an caighdeán is airde múinteoireachta agus foghlama agus an taithí oideachasúil is fearr agus is féidir dár mic léinn, cuirfidh GRETB tacaíochtaí ar fáil do gach scoil sna réimsí seo a leanas:

- Oideachas Speisialta agus Tacaíocht Foghlama;
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) do mhúinteoirí agus d'fhoireann tacaíochta, Uimhearthacht agus Litearthacht, Teagasc agus Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta;
- Cosaint Leanaí (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) *(ar iarratas na scoile do mhúinteoirí reatha agus mar chuid lárnach d'ionduchtú baill foirne nua)*;
- Oideachas trí mheán na Gaeilge, chomh maith le hoideachas Gaeltachta; cuireann 8 scoil GRETB Oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil;
- Cláir forbartha do Phríomhoidí, Príomhoidí Tánaisteacha agus do shealbhóirí post meánbhainistíochta i scoileanna GRETB i gcomhar leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST), an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT), an Chomhairle Mhúinteoireachta agus gníomhaireachtaí ábhartha eile; agus
- Cohóirt foirne lárnacha eile, lena n-áirítear Cúntóirí Riachtanas Speisialta, foireann riaracháin agus airíochais.

Chomh maith leis an tacaíocht thuasluaite, tairgfear tacaíocht freisin i réimsí forbartha polasaí agus rialachais trí obair agus oiliúint leanúnach le scoileanna agus Boird Bhainistíochta. Cuireadh tús luath i mí Feabhra 2021 le clár náisiúnta oiliúna do Bhoird Bhainistíochta le tacaíocht ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) agus leanfar leis in 2023 agus ina dhiaidh sin. Déanfar cíoradh ar mhodúil cosúil le rialachas, cosaint leanaí agus airgeadas. Déanfaidh GRETB an oiliúint a eagrú ina scoileanna i nGaillimh agus Ros Comáin.

Oibríonn GRETB le hOllscoileanna óna dtagann rannpháirtithe don chlár Máistir Gairmiúil le hOideachas (MGO), chun tabhairt faoi shocrúcháin mhúinteoireachta i scoileanna GRETB, agus thángthas ar chomhaontú foirmiúil maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus Oiliúnt ar líne TUSLA maidir le Cosaint Leanaí.

Tá 20 scoil ag GRETB agus tá ocht gcinn díobh seo ag múineadh trí mheán na Gaeilge, seacht (7) gcoláiste Gaeltachta ina measc. Is é GRETB an t-aon Bhord Oideachais agus Oiliúna sa tír le trí iar-bhunscoil ar oileáin amach ón gcósta. Tá fás leanúnach ar earnáil na scoileanna GRETB le deich mbliana agus leanfaidh an fás sin ar feadh roinnt blianta eile. Comhaontaíodh in 2020 go mbunófaí Coiste Gaeilge nua in GRETB chun tacú le coláistí Gaeltachta agus Gaelcholáistí, chomh maith le tacú le seirbhísí trí Ghaeilge GRETB. Meastar gur in 2024 a shroichfear an t-uasphointe rollúcháin in iar-bhunscoileanna in Éirinn.

Baineann dúshláin uathúla le scoileanna oileáin GRETB ó thaobh acmhainní dóthanacha agus cuí a fháil chun tacú leo agus chun iad a choinneáil. Bíonn teagmháil rialta ag an GRETB leis an Roinn Oideachais, le Ranna Rialtais eile agus le gníomhaireachtaí Rialtais eile chun cabhair a fháil ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le go mbeifear in ann scoileanna leochaileacha beaga iar-bhunoideachais ar na hoileáin a choinneáil trí pholasaí náisiúnta sa réimse sin a chruthú.

Iar-Bhunscoileanna GRETB

Ainm na Scoile	Rollú 2022/2023
Coláiste na Mainistreach, Mainistir na Búille	512
Coláiste an Ardeaspaig Mhic Éil, Tuaim	360
Coláiste an Chláirín, Baile Átha an Rí	915
Coláiste an Chreagáin, An Creagán	99
Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí	241
Coláiste Bhaile Chláir	1,279
Coláiste Cholmcille, Indreabhán	88
Coláiste Ghobnait, Inis Oírr	29
Coláiste Mhuirlinne/Merlin College	717
Coláiste na bPiarsach, Ros Muc	55
Coláiste na Coiribe, Gaillimh	625
Coláiste Naomh Éinne, Inis Mór	51
Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin	40
Coláiste Naomh Feichín, Corr na Móna	58
Coláiste Pobail Ail Finn, Ail Finn	187
Coláiste Pobail na Gaillimhe, Gaillimh	336
Coláiste Pobail Ros Comáin, Ros Comáin	566
Coláiste Naomh Bríd, Baile Locha Riach	710
Coláiste Chilleáin, An Cnoc Breac	163
IOMLÁN	**7,031**

Ranganna Oideachais Aosaigh/Ranganna Tráthnóna i scoileanna 2021/2022: 919

Scoileanna Náisiúnta Pobail:

Ainm na Scoile GRETB	Rollú 2022/2023
Scoil Náisiúnta Phobail na Leithcheathrún, Ros Comáin	28
Scoil Náisiúnta Phobail Chuan na Gaillimhe, Gaillimh	119
Iomlán	147

Coláistí Pobail

1. Coláiste na Coiribe, Cnoc na Cathrach
2. Coláiste Pobail na Gaillimhe, Móinín na gCiseach
3. Coláiste Mhuirlinne/ Merlin College Dabhach Uisce
4. Coláiste Pobail na Mainistreach, Mainistir na Búille
5. Coláiste Pobail Ail Finn, Ail Finn
6. Coláiste Pobail Ros Comáin, Baile Ros Comáin
7. Coláiste an Chreagáin, An Creagán
8. Coláiste Chilleáin Naofa, An Cnoc Breac
9. Coláiste Naomh Bríd, Baile Locha Riach
10. Coláiste an Chláirín, Baile Átha an Rí
11. Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí
12. Coláiste an Ardeaspaig Mhic Éil, Tuaim
13. Coláiste Bhaile Chláir, Baile Chláir
14. Coláiste Naomh Feichín, Corr na Móna
15. Coláiste na bPiarsach, Ros Muc
16. Coláiste Cholmcille, Indreabhán
17. Coláiste Naomh Éinne, Inis Mór
18. Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin
19. Coláiste Ghobnait, Inis Oírr

Scoileanna Náisiúnta Pobail

20. Scoil Náisiúnta Phobail Chuan na Gaillimhe, Cnoc na Cathrach
21. Scoil Náisiúnta Phobail na Leithcheathrún, Co. Ros Comáin

Pobalscoileanna agus Scoil Chuimsitheach

22. Pobalscoil an Chaisleáin Riabhaigh
23. Pobalscoil an Ghleanna (Gleann na Madadh)
24. Pobalscoil Dhún Mór
25. Pobalscoil Phort Omna
26. Pobalscoil an Ghoirt
27. Pobalscoil an Chlocháin
28. Pobalscoil Mhic Dara, Carna
29. Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua

4.2 Ráiteas Seirbhíse - Breisoideachas agus Oiliúint (FET)

Déantar gach soláthar Breisoideachais agus Oiliúna de chuid an GRETB, ó leibhéal 1 go 6, a sheachadadh agus é ar intinn deiseanna níos leithne a thabhairt dár bhfoghlaimeoirí le go mbeidh siad in ann iad féin a fhorbairt go pearsanta agus go gairmiúil; a n-eolas, scileanna agus muinín a mhéadú; agus gabháil tríd an gcóras FET agus ar aghaidh chuig ardoideachas agus fostaíocht. I measc na gclár, cúrsaí agus idirghabhálacha atá á soláthar againn, áiritear Oideachas Pobail, Oiliúint Pobail, Oideachas Bunata Aosach (ABE), Ógtheagmháil, an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), Oiliúint/Oiliúntachtaí, Printíseachtaí agus Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, agus tá an soláthar sin ar fad tarraingteach agus ábhartha, agus tairgeann siad deiseanna do chách dul chun cinn a dhéanamh. Leanfaidh GRETB lena iarrachtaí rochtain ar a sholáthar FET a éascú trí mhodhanna rochtana agus forchéimnithe simplí agus díreacha a chur in iúl d'fhoghlaimeoirí reatha agus d'fhoghlaimeoirí féideartha, idir roghanna lánaimseartha agus páirtaimseartha, de réir mar a bhogaimid i dtreo an mhúnla 'Coláiste FET na Todhchaí'.

Cuireadh tús le hathstruchtúrú na Roinne FET i ráithe 4 de 2021 agus tharla foirniú bainistíochta sna struchtúir nua seo i gcaitheamh 2022. An phriomhaidhm in 2023 ná a chinntiú ná go líonfar na rólanna oibriúcháin is gá le go gcomhlíonfar freagrachtaí na n-aond éagsúil seo. Beidh idir mheascán de líonadh poist atá faofa cheana féin i gceist agus cead a lorg chun poist nua atá molta a fhógairt. Féachann na struchtúir agus poist nua seo le haitheantas a thabhairt don fhís straitéiseach i Stráitéis Breisoideachais agus Oiliúna SOLAS 2020-2024, feabhas a chur ar na conairí rochtana agus aistrithe d'fhoghlaimeoirí, cur leis an teagmháil agus rannpháirtíocht leis an earnáil tionscail agus le fostóirí áitiúla, mar aon le tacaíochtaí láidre a chur ar fáil don fhoireann agus d'fhoghlaimeoirí chun na caighdeáin is airde teagaisc, foghlama agus measúnuithe a choinneáil trí úsáid a bhaint as na modheolaíochtaí agus na teicneolaíochtaí is déanaí. Oibríonn na haonaid seo a leanas as lámha a chéile leis an soláthar Oiliúna agus Iar-Ardteistiméireachta – Soláthar & Conairí; Cuimsitheacht; Tacaíocht agus Forbairt; Fiontraíocht & Straitéis.

Tá an roinn FET tiomanta Ráiteas Straitéise GRETB 2022-2026 agus a bhearta gaolmhara a chur i bhfeidhm. Sa chomhthéacs sin, is iad seo a leanas na príomhthionscnaimh agus forbairtí do 2023:

Caidreamh lenár maoinitheoirí in SOLAS i bpleanáil do Choláiste FET na Todhchaí, mar a d'fhógair an tAire Simon Harris do GRETB i mí na Samhna 2022.

Leanacht le hiarrachtaí rannpháirtíocht foghlaimeoirí a thabhairt ar ais chuig na leibhéil a bhí ann roimh COVID-19: déanfar seirbhísí a éagsúlú agus beidh deiseanna foghlama nua Breisoideachais agus Oiliúna, lena n-áireofar ach nach mbeidh teoranta do:

- cúrsaí nua oideachais in inbhuanaitheacht a reáchtáil trasna an tsoláthair ar fad, ó oideachas Pobail, go Scileanna le haghaidh Dul Chun Cinn (Skills to Advance) le fostaithe agus fostóirí
- cúrsaí nua sa soláthar lánaimseartha chun rochtain a éascú ar áiteanna FET sna hInstitiúidí Ardoideachais, ach go háirithe san Eolaíocht, Innealtóireacht agus Dlí
- forbairt clár Treasach *(tertiary)* ag leibhéal céime le páirtnéirí Institiúide Ardoideachais in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU)
- forbairt clár nua Idirbhliana chun tógáil ar an bpíolótú rathúil ar cuireadh tús leis in 2022, é sin ag teacht leis an moladh ón gCoiste Stiúrtha Náisiúnta tuilleadh clár conaire agus rochtana Idirbhliana a fhorbairt
- leanacht leis an teagmháil le ceantair Ghaeltachta agus tuaithe i nGaillimh agus i Ros Comáin chun riachtanais oideachais agus oiliúna an daonra áitiúil a chomhlíonadh, mar aon leo siúd atá aonraithe i dtéarmaí geografacha agus sóisialta; deiseanna nua cosúil le Printíseachtaí agus Oiliúntachtaí a thabhairt isteach in áiteanna nua
- oiliúntachtaí nuálaíocha a fhorbairt chun rochtain níos leithne a éascú, e.g. trí Obair Óige agus Pobail agus in Ionad Coinneála an Chaisleáin Riabhaigh, chomh maith le caidreamh leis an tionscnamh píolótach de chuid SOLAS, an clár 'Building Bridges'
- meadú ar theagmháil le lucht tionscail áitiúil, le fostóirí agus le fostaithe féachaint le cláir oiliúna ábhartha a sheachadadh, go mór mór faoin tionscadal Scileanna don Mhargadh (Skills to Advance)
- cur le háiteanna Printíseachta, idir Phrintíseachtaí Ceirde agus Phrintíseachtaí 2016+ chun cinn nua a thabhairt isteach. Tuilleadh obair fhorbartha i gcomhar le SOLAS ar an tiomantas do mhéadú spás ceardlainne i nGaillimh tríd an spás breise a fuarthas ar champas Mervue
- leanacht ag obair leis an earnáil fáilteachais agus í ag díriú isteach ar ghanntanas scileanna iar-Covid19. Táthar ag súil go seolfar an chomhpháirtíocht straitéiseach le BiaInnovator i mBaile Átha an Rí chun cláir oiliúna a sheachadadh i saoráidí úrscothacha i lár 2023
- tuilleadh forbartha ar an Aonad Cuimsitheachta agus Tacaíochta Foghlama i ndiaidh ceapacháin eochairfhoirne sa 4ú ráithe de 2022 agus ceapacháin bhreise foirne tacaíochta chun seirbhísí for-rochtana a chur ar fáil inár n-ionaid FET, leis an bhfócas ar ghrúpaí imeallaithe cosúil leis an Lucht Siúil agus Romach; abhcóideacht a dhéanamh thar ceann aosach óg díchumhachtaithe, go háirithe trí thionscnamh píolótach dírithe ar chluichirí *(gamers)* óga; agus leanúint lenár dtacaíocht d'obair Mheitheal Drugaí an Iarthair (WRDATF)
- tógáil ar na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil tríd an tseirbhís Oideachas Bunata Aosach (ABE) mar fhreagairt ar an ardú sa líon Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus náisiúnaigh Úcránacha mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin
- cur i bhfeidhm clár feabhsúcháin caighdeán GRETB, i gcomhpháirtíocht le DCCÉ/QQI, ag éirí as an Athbhreithniú Tionscnaimh (tosaigh) in 2022
- leanacht leis an bpróiseas chun an soláthar Breisoideachais agus Oiliúna a shimpliú trí rochtain níos fearr agus níos fairsinge a éascú, agus níos mó conairí do dhul chun cinn a thairiscint do gach foghlaimeoir tríd an múnla Coláiste FET agus Ionaid Barr Feabhais

- tógáil ar dheiseanna méadaithe chun ‘guth an fhoghlaimeora’ a léiriú trí Fhóraim d’Fhoghlaimeoirí a bhunú agus trí aiseolas cáilíochta a ghabháil ar bhonn córasach ón soláthar Breisoideachais agus Oiliúna trí chéile, tríd an Tionscnamh Glór Foghlaimeora faoi stiúir an Aonaid Tacaíochta agus Forbartha
- deiseanna a mhéadú do gach rannpháirtíocht geallshealbhóra trí thionscnaimh a chur ar bun atá tiomanta don phlé agus don fhorbairt le comhpháirtithe san earnáil oideachais, cuimsitheachta sóisialta agus tionscail agus sin a dhéanamh trí fhóraim éagsúla
- deiseanna córasacha a fhorbairt do rannpháirtíocht agus aiseolas foirne trí thionscnaimh an Aonaid Tacaíochta & Forbartha, chomh maith le deiseanna leanúnacha i bhforbairt ghairmiúil
- caidreamh leanúnach le SOLAS chun aimhrialtachtaí a réiteach mar a bhaineann le bailiú agus tiomsú staidreamh feidhmíochta trasna PLSS, MIS agus na hardáin nua Tableau
- forbairt leanúnach ar an tseirbhís nuabhunaithe Treorach, Earcaíochta agus Eolais do GRETB, lena n-áirítear méadú ar an bhfoireann san oifig eolais, faoi réir cead. Fócas méadaithe ar eolas ar gach ardáin, gach meán san áireamh, i gcomhar le gach feidhm chumarsáide
- feasacht a mhéadú ar GRETB agus a chuid seirbhísí trí chumarsáid agus mhargaíocht fheabhsaithe agus gníomhaíochtaí bolscaireachta, sin tríd an gcomhlacht Margaíochta/Cumarsáide a ceapadh tríd an gcreat soláthair sa 4ú ráithe in 2022. Caidreamh leanúnach leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus le SOLAS maidir le faomhadh an phoist d’Oifigeach Cumarsáide, ar aon dul le ETBanna eile
- tairseach ar líne a bhunú do chumarsáid inmheánach a bheadh ábhartha do gach aonad FET
- leanacht le fás agus forbairt an tsoláthair ealaíne agus ceoil i nGaillimh agus Ros Comáin trí thionscnaimh cosúil leis an gComhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaitheach (LCYP) agus Music Generation
- maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar Seirbhísí Óige, agus tacú leo, trí mhaoiniú, tacaíocht agus riachtanais a aithint i limistéar feidhme GRETB, lena n-áirítear tuilleadh caidrimh le forais mhaoinithe i dtaca le ceantair a bhfuil riachtanis bhreise acu trasna na Gaillimhe agus Ros Comáin
- clúdach fairsing d’Oideachas Pobail a choinneáil trí dheontais a chur ar fáil, REACH san áireamh, cúrsaí a fhorbairt agus teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun freastal a dhéanamh ach go háirithe ar na pobail is faide atá scoite amach
- tús a chur le cur i bhfeidhm na Straitéise nua Litearthachta, Uimhearthachta agus Scileanna Digiteacha 10 mbliana agus ceapadh an Chomhordaitheora Réigiúnaigh do Litearthacht ar Feadh an tSaoil do GRETB (san 1ú ráithe de 2023)
- forbairt tuilleadh an Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta Clár Idirbhliana chun nasc foirmiúil a chruthú go náisiúnta idir FET agus Scoileanna.

Figiúirí don Soláthar FET in 2022		
Catagóir Cláir	**Foghlaimeoir Leithleach**	**Tairbhithe**
Oiliúint Printíseachta	748	748
Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh	1619	2270
Oiliúint Chumaisc	72	77
Grúpaí faoin Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oid. (BTEI)	1759	2611
Oideachas Pobail	1978	2930
Ionaid Oiliúna Pobail	45	67
Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL)	2141	2982
Oiliúint um Thráthnóna Breisoideachais & Oiliúna	204	213
Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais & Oiliúna	481	1095
Dianteagasc Oideachas Bunata Aosach (ITABE)	11	11
Ceardlanna Ceartais (JWanna)	43	57
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	164	186
Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta	2226	2341
Maoiniú eile	138	150
Scileanna don Obair	127	137
Scileanna don Mhargadh	127	137
Scileanna chun Dul Chun Cinn	242	246
Soláthraithe Sainoiliúna	109	188
Oiliúint Sainscileanna	354	392
Cúrsaí d'Oiliúnaithe i bhFostaíocht		
Cúrsaí do Dhaoine faoi Oiliúint	174	243
Teagasc Litearthachta Deonach		
Príomhscéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)	257	327
Ógtheagmháil	258	353
Foghlaimeoir Leithleach v Gníomhaíocht:	**13150**	**17624**

*Tagraíonn tairbhithe don líon iomlán rannpháirtithe ar chláir ón 1 Eanáir 2022 go 31 Nollaig 2022.
Tá rolluithe Ranganna Tráthnóna i scoileanna taifeadta faoi iar-bhunscoileanna sa phlean seirbhíse seo.

Chomh maith leis sin, rinne breis is 9923 rannpháirtí freastal rialta ar chláir Music Generation, agus bhain breis is 10,000 tairbhí leas as an tSeirbhís Óige, an tSeirbhís Treorach Aosach agus as deontais a cuireadh ar fáil sa réigiún.


gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board
Soláthar Breisoideachais agus Oiliúna
Bhord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin
Cathair na Gaillimhe Ógtheagmháil
Ionad Oiliúna GRETB
Ionad FET, Bóthar Thuama
Coláiste Pobail na Gaillimhe
Institiúid Theicniúil na Gaillimhe
Seirbhís Oideachas Bunata Aosach na Gaillimhe
Cathair na Gaillimhe
Mainistir na Búille
Bealach an Doirín
An Caisleán Riabhach
Ros Comáin
Dún Mór
Gleann na Madadh
Tuaim
Béal Átha Ghártha
An Creagán
Fearann na Manach
Béal Átha na Sluaighe
Áth Cinn
Béal Átha Clúinín
An Turlach Mór
Ceathrú an Bhrúnaigh
Baile Átha an Rí
Baile Locha Riach
Port Omna
An Gort
Cinn Mhara
Cathair na Gaillimhe
An Spidéal
Maigh Cuilinn
Uachtar Ard
An Fhairche
Leitir Fraic
An Clochán
An Caiseal
Ros Muc
Casla
An Cheathrú Rua
Inis Meáin
Cláir Music Generation agus Seirbhísí Óige ar fáil in áiteanna éagsúla ar fud an réigiúin
1-31 Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna
32-38 Ionaid Ógtheagmhála
39-51 Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais
52 Ionad Oideachais Allamuigh agus Oiliúna Cheapach na gCapall, An Fhairche

4.3 Ráiteas Seirbhíse – Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OSD)

Tá an Roinn Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (OSD) lárnach don tacaíocht a chuireann GRETB ar fáil dár scoileanna agus ionaid. Tá an fhoireann OSD lonnaithe i bPríomhoifig GRETB i mBaile Átha an Rí agus inár bhFo-Oifig i mBaile Ros Comáin.

Tá buiséad measta €137milliún ag GRETB don bhliain 2023, isteach is amach le 2,000 ball foirne agus níos mó ná 24,000 foghlaimeoirí/tairbhithe. Cuireann an fhoireann OSD an tacaíocht chúloifige ar fáil chun an eagraíocht mhór seo a riaradh agus tá sí freagrach as na réimsí riaracháin seo a leanas: Acmhainní Daonna, Airgeadas, Seirbhísí Corparáideacha, TFC/IT, agus Foirgnimh.

Is iad spriocanna na foirne OSD na próisis agus nósanna imeachta a thacaíonn le dea-rialachas corparáideach in GRETB a fheabhsú, agus a chinntiú go mbainfear úsáid éifeachtúil agus éifeachtach as na hacmhainní daonna, airgeadais agus infreastruchtúrtha sin inár scoileanna, ionaid agus seirbhísí eile.

Tá ár bhfoireann OSD tiomanta do chur i bhfeidhm Ráiteas Straitéise GRETB 2022-2026 agus na bearta gaolmhara a ghabhann leis. I measc na dtionscadal agus na dtionscnamh atá pleanáilte don bhliain romhainn, tá:

- leanacht leis an obair ar thionscadail TFC/IT chun slandáil agus éifeachtúlacht bainistíocht gléasanna a fheabhsú fud fad na heagraíochta, e.g. Creidiúnú Cyber Essential a ghnóthú, leancht le cur i bhfeidhm céimneach Intune, uasghrádú freastalaí 12 go 2016+, cur i bhfeidhm céimneach SIEM, mapa bóthair néil *(cloud)* a dhearadh le haghaidh GRETB, tús a chur le hobair i dtreo an Bhunchaighdeáin Náisiúnta Cibearshlándála sa tSeirbhís Phoiblí a bhaint amach
- tabhairt faoi athbhreithniú ar eochairphróisis ag an bPríomhoifig le fáil amach más féidir éifeachtúlacht mhéadaithe a bhaint amach trí TFC/uathoibriú
- oibriú leis an ESBS ar thionscadail seirbhísí comhroinnte, lena n-áirítear:
    1. An tionscadal Taisitil & Cothaithe (T&S), sceidealaithe don 1ú ráithe 2023
    2. Tionscadal SAP go SUN – 4ú ráithe 2023
    3. Modúl tuairiscithe Airgeadais – 2ra ráithe
    4. Tionscadal ríomhearcaíochta Core
    5. Tús a chur le hobair ar thionscadail a bhaineann le pinsin agus ar an bpacáiste nua bainistíochta Soláthair
    6. Comtháthú aschur cártaí ceannaigh leis an gcóras airgeadais
- athbhreithniú agus monatóireacht ar phróisis agus córais seirbhísí comhroinnte a oibriú chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais oibriúcháin agus rialachais GRETB de réir mar a leabaítear na córais seo in GRETB, e.g. párolla, córas airgeadais agus íocaíochtaí foghlaimeora
- polasai d'obair chumaisc a chur i bhfeidhm go céimneach in 2023, ag teacht le reachtaíocht
- athchreidiúnú IBEC a lorg don Keepwell Mark ag an bPríomhoifig
- leanúint le dea-chleachtas maidir le GDPR a leabú san eagraíocht - cur i bhfeidhm céimneach Privacy Engine
- clár caipitil suntasach a bhainistiú - áirítear le tionscadail mhóra in 2023 - Gaelchampas nua do Choláiste an Eachréidh agus Gaelscoil Riada i mBaile Átha an Rí; sínithe móra a chur le Coláiste Naomh Bríd, Baile Locha Riach, Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Coláiste Chilleáin, An Cnoc Breac, Col. Pobail Ail Finn, Coláiste na Mainistreach agus Coláiste Pobail Ros Comáin, chomh maith le hathchóiriu an fhoirgnimh *Cambridge* i Mervue.

- dul chun cinn a dhéanamh ar an scoil nua do Scoil Náisiúnta Phobail Chuan na Gaillimhe agus don mhéadú cóiríochta ag Coláiste an Ardeaspaig Mhic Éil, Tuaim; Coláiste an Chláirín; Coláiste na Coiribe; Inis Oírr agus Inis Meáin
- cás gnó a fhorbairt do "Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí" ar shuíomh ag Coláiste Pobail na Gaillimhe i gCathair na Gaillimhe
- tacaíocht a thabhairt do thionscadail mhóra caipitil déabhlóidithe i scoileanna nach scoileanna Boird Oideachais agus Oiliúna iad, e.g. an bhunscoil nua i dTuaim
- Cairt Seirbhíse Custaiméirí agus Plean Gnímh a chríochnú agus a chur i bhfeidhm go céimneach
- feasacht mhéadaithe maidir le hoibleagáidí GRETB faoi na hAchtanna Teangacha Oifigiúla 2003 agus 2021 trí chomhoibriú le hOifig an Choimisinéara Teanga (OCT) chun ceardlanna tréimhsiúla a chur ar fáil
- tacaíocht leanúnach a thabhairt do chláir Music Generation i gContae na Gaillimhe, i gCathair na Gaillimhe agus i Ros Comáin
- tacú leis an Straitéis Dhigiteach do scoileanna a chur i bhfeidhm agus leis an Straitéis d'Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) in FET
- leanacht lenár dtacaíocht do Scoileanna/Ionaid/Príomhoifig maidir le Sláinte & Sábháilteacht
- leanúint ag obair leis an ETBI agus le fóraim ghaolmhara eile ar shaincheisteanna náisiúnta, e.g. an tairseach náisiúnta soláthair agus airteagal 5.2 de Threoir an AE 2014/23 maidir le Soláthar Poiblí
- ciorcláin nua, athruithe ábhartha reachtacha agus aon pholasaí nó tionscnamh náisiúnta nua a chur i bhfeidhm de réir mar a bhaineann siad leis an earnáil in 2023
- teagmháil leanúnach le BOOÉ (ETBI) agus an Roinn Oideachais faoin bpróiseas do Chéim II den Dearadh Eagraíochtúil náisiúnta, chun a chinntiú go mbeidh an struchtúr riaracháin agus an saineolas is gá ag GRETB chun ár ndualgais reachtúla a chomhlíonadh, chun tacú lenár scoileanna agus ionaid, chomh maith le bheith in ann straitéisí náisiúnta agus Straitéis GRETB araon a chur i bhfeidhm.

5 Bearta Ráiteas Straitéise 2023

Cuirfear tús leis na bearta seo a leanas, nó cuirfear ar fáil iad, le linn 2023.

Sprioc Straitéiseach 1: ***Meas a bheith againn ar ár ndaltaí, ár bhfoghlaimeoirí agus ár bhfoireann, iad a fhorbairt, agus tacú leo***
Cuspóir 1.1: Comhionannas, cuimsitheacht, éagsúlacht agus dínit a chur chun cinn go gníomhach
• Leanacht leis an teagmháil le ceantair Ghaeltachta agus tuaithe i nGaillimh agus i Ros Comáin chun riachtanais oideachais agus oiliúna an daonra áitiúil a chomhlíonadh, mar aon leo siúd atá aonraithe i dtéarmaí geografacha agus sóisialta; deiseanna nua cosúil le Printíseachtaí agus Oiliúntachtaí a thabhairt isteach in áiteanna nua • Tógáil ar na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil tríd an tseirbhís Oideachas Bunata Aosach (ABE) mar fhreagairt ar an ardú sa líon Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus náisiúnaigh Úcránacha mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin • I gcomhar leis an gComhordaitheoir REALT, leanacht le mic léinn Úcránacha a chlárú i scoileanna i réigiún na Gaillimhe agus Ros Comáin agus tacú lena gcuid riachtanas oideachais • Feasacht a ardú maidir le luachanna dualgas na hearnála poiblí GRETB, agus cur chun feidhme an phlean a ghabhann leis • Bearta náisiúnta a chur i bhfeidhm féachaint le tionchar Covid 19 ar na daltaí/foghlaimeoirí sin atá i mbaol míbhuntáiste oideachais a mhaolú • Na cúig chroíluachanna a leabú, mar atá comhbhách, pobal, comhionannas, meas agus barr feabhais in oideachas, ó Chreat na bPatrun do scoileanna ETB • Straitéis ionchuimsitheachta a fhorbairt do GRETB, le cur i bhfeidhm ag an Oifigeach Cuimsitheachta nuacheaptha, agus cur leis an Aonad Cuimsitheachta agus Tacaíochta Foghlaimeora • A bheith i mbun teagmhála le IBEC maidir lena fheachtas Éagsúlachta agus Cuimsitheachta • Tacú le cultúr ionchuimsitheachta agus éagsúlachta trínár bpróisis earcaíochta, agus oiliúint ábhartha a chur ar fáil dár n-agallóirí • Ciste cúnaimh foghlaimeora a bhunú in FET
Cuspóir 1.2: Guth na foirne agus na ndaltaí a chumasú, agus gabháil leis
• Leanúint ag spreagadh rannpháirtíocht na foirne le grúpaí oibre/líonraí GRETB, agus le fóraim náisiúnta, agus tacú leo • Tuilleadh forbartha ar an bhfóram foghlaimeora píolótach in FET, le tacaíocht ó AONTAS, agus ionadaíocht ag an nguth foghlaimeora seo trasna struchtúir rialachais uile in FET • Úsáid TF/ICT a leathnú le feabhas a chur ar bhailiú sonraí agus aiseolais ó dhaltaí agus ón bhfoireann le go dtabharfaí bonn faisnéise don chinnteoireacht, e.g. gabháil chórasach aiseolais cháilíochtúil trasna soláthar uile FET trí fheidhm lárnaithe san aonad Tacaíochta agus Forbartha chun feabhas a chur ar aiseolas a bhailítear ag leibhéal Ionaid agus seirbhíse • Scoileanna ag obair le Tionscnamh Ghuth an Fhoghlaimeora de chuid CNCM/NCCA
Cuspóir 1.3: Tacú le forbairt phearsanta leanúnach do chách
• Comhordaitheoir um Fhoghlaim & Fhorbairt Ghairmiúil a cheapadh agus beart Forbartha Gairmiúla a chur i bhfeidhm, ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha agus le héascaíocht a dhéanamh do chomharbas agus pleanáil don todhchaí • Plean bliantúil a chur i dtoll a chéile d'Fhoghlaim & d'Fhorbairt Ghairmiúil, ag teacht le réimsí tosaíochta straitéiseacha • Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais oiliúna Comhaltaí Coistí agus Boird Bhainistíochta, agus tacú leo • Oiliúint ceannaireachta a chur ar fáil do mheánbhainistíocht i scoileanna, i gcomhpháirt le ETBI • Tógáil ar an gclár meantóireachta a bunaíodh do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Tánaisteacha nuacheaptha

- Oiliúint leanúnach agus an t-eolas is déanaí ar riachtanais reachtúla sna réimsí Sláinte & Sábháilteachta, cosaint sonraí, bainistíocht airgeadais, soláthar agus dlí fostaíochta

Cuspóir 1.4: Tionscnaimh folláine a chur chun cinn do gach ball foirne, mac léinn agus foghlaimeoir

- Tuilleadh fógraíochta a dhéanamh ar an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe ar fud na heagraíochta
- Iarratas ar athchreidiúnú ó IBEC ar an "Keepwell Mark" don Phríomhoifig
- Leanúint le cláir agus tionscnaimh folláine a fhorbairt san eagraíocht, tacú leo agus iad a chur chun cinn
- Fiosrú a dhéanamh maidir leis na roghanna atá ann do chláir folláine atá feiliúnach do scoileanna agus ionaid agus a bhfuil creidiúnú ag gabháil leo
- Tógáil ar úsáid Ionad Oideachais Allamuigh agus Oiliúna Cheapach na gCapall (OETC) d'fholláine foirne agus do ghníomhaíochtai neartú na foirniúlachta
- 400 uair an chloig folláine a leabú sa tSraith Shóisearach ó bhliain 1 go 3

Sprioc Straitéiseach 2: Cláir oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán, freagrúil agus cuimsitheach a chur ar fáil

Cuspóir 2.1: Cláir agus scileanna atá inrochtana agus freagrúil don fhoghlaim feadh an tsaoil, d'fhorbairt phearsanta agus d'fhostaíocht a chur ar fáil

- Leanacht leis an bpróiseas chun an soláthar Breisoideachais agus Oiliúna (FET) a shimpliú trí rochtain níos fearr agus níos fairsinge a éascú agus níos mó conairí do dhul chun cinn a thairiscint do gach foghlaimeoir tríd an múnla Coláiste FET agus Ionaid Barr Feabhais
- Leanacht le forbairt agus tabhairt isteach printíseachtaí agus oiliúntachtaí nua, ag teacht leis an Straitéis FET agus éilimh lucht tionscail
- An clár Scileanna do Dhul Chun Cinn a leathnú trí fheasacht mhéadaithe agus teagmháil níos minice le croípháirtithe leasmhara ar fud na Gaillimhe agus Ros Comáin
- Tús a chur le cur i bhfeidhm na Straitéise nua 10 mbliana Litearthachta, Uimhearthachta agus Scileanna Digiteacha leis an gComhordaitheoir Réigiúnach Litearthachta d'Aosaigh Feadh an tSaoil nuacheaptha
- Leanacht le fás agus forbairt an Aonaid Tacaíochta agus Forbartha, a cuireadh ar bun le gairid, chomh maith leis an Aonad Soláthair & Conairí
- Tacaíocht leanúnach do chur i bhfeidhm Straitéis agus Creat Planet Youth
- Leanacht ag tacú le méadú soláthair, agus monatóireacht a dhéanamh ar chláir d'obair óige, i gcompháirtíocht leis na heagraíochtaí náisiúnta óige
- Tús a chur le cur i bhfeidhm an Phlean náisiúnta don Oideachas Allamuigh agus Ionaid Oiliúna
- Leanacht le cur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí nua; ionadaithe ó GRETB ag glacadh páirte in athchóiriú na Sraithe Sinsearaí, agus cur leis, de réir mar a iarrtar orthu

Cuspóir 2.2: Tacú le cruthaitheacht agus nuálaíocht i ngach clár

- Tógáil ar rath Phlean Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaitheach píolótach a tosaíodh sa réigiún in 2022 trí a thuilleadh forbartha agus méadaithe ar an gclár in 2023
- Na bearta i bPleananna Music Generation do na trí limistéar sa GRETB a chur i bhfeidhm
- Tacú le hiarratais do scéimeanna Scoileanna Ildánacha mar aon le tionscadail ealaíne maoinithe eile san earnáil oideachais
- Ag teacht le moltaí an Choiste Náisiúnta Stiúrtha chun cláir conaire Idirbhliana a fhorbairt tuilleadh, FET agus scoileanna le tógáil ar chláir phíolótacha rathúla FET a tairgeadh do mhic léinn in 2022
- A bheith páirteach san ábhar nua Ardteistiméireachta – scannán agus meán

Cuspóir 2.3: Tacú le barr feabhais i dteagasc, foghlaim agus measúnú

- Tacaíocht agus leathnú líonraí foghlama gairmiúla agus grúpaí cnuasach scoileanna i ndáil le príomhthéamaí, lena n-áirítear DEIS, riachtanais speisialta oideachais (SEN), An Idirbhliain, réimsí ábhair agus athchóiriú na sraithe sóisearaí agus sinsearaí
- Saineolas a fhorbairt faoin gcaoi le múinteoirí/teagascóirí nua a ionduchtú agus a phromhadh trí thacú le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD), aiseolas cuiditheach a thabhairt, agus tionscnaimh mheantóireachta
- Tógáil agus cothú ar na comhghuaillíochtaí straitéiseacha atá ag GRETB leis na coláistí sin ina bhfuil an Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) ar fáil, le go ndéanfaí an freastal is fearr is féidir ar riachtanais GRETB
- Leanacht lenár dtacaíocht do riachtanais Cleachtóirí FET trínár gclár Forbartha Gairmiúla

Cuspóir 2.4: Dearbhú cáilíochta a chur chun cinn i ngach ceann dár gcláir

- Tuiscint ar chórais agus próisis Dearbhú Cáilíochta a chur chun cinn agus a neadú trí Fhoghlaim & Fhorbairt Ghairmiúil (PL&D) spriocdhírithe
- Scoileanna ag leanúint lena gcláir féinmheasúnaithe (SSE) agus ag cinntiú go bhfuil a gcáipéis "Cuir Eolas ar do Scoil" suas chun dáta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí measúnaithe scoile uile, agus foghlaim agus dea-chleachtas a roinnt
- Moltaí na Tuairisce Athbhreithnithe DCCÉ/QQI a chur i bhfeidhm

Sprioc Straitéiseach 3:
A bheith chun tosaigh i dtaca le forbairt eagraíochta agus rialachas corparáideach

Cuspóir 3.1: Ár gcumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú

- Leanacht lenár n-iarratas ar chead Oifigeach Cumarsáide tiomnaithe a cheapadh
- Tacaíocht agus cur chun cinn "Seachtain ETB" trí imeachtaí éagsúla a eagrú inár scoileanna, ionaid agus Príomhoifig san 1ú ráithe de 2023
- Feasacht a mhéadú ar GRETB agus a chuid seirbhísí trí chumarsáid agus margaíocht fheabhsaithe agus gníomhaíochtaí bolscaireachta, sin tríd an gcomhlacht Margaíochta/Cumarsáide a ceapadh tríd an gcreat soláthair sa 4ú ráithe de 2022
- Tairseach ar líne a bhunú do chumarsáid inmheánach a bheadh ábhartha do gach aonad FET
- Tús a chur le plean cumarsáide do GRETB a bheidh ar aon dul le straitéis cumarsáide BOOÉ/ETBI
- Cairt do chustaiméirí GRETB a uasdátú, agus plean gníomhaíochtaí gaolmhara a fhorbairt
- Feasacht ar an gCreat Pátrún a mhéadú agus a leabú
- Tacú le hobair an Chomhordaitheora Féinmheasúnaithe Scoile (SSE) i ngach scoil iar-bhunoideachais GRETB

Cuspóir 3.2: Rialachas eiticiúil a chur chun cinn chun cuntasacht a chinntiú

- Leanúint le cuairteanna, monatóireacht, iniúchtaí, seiceálacha i dtaca le rialachas
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus eolas chun dáta a chur ar fáil i dtaca le sláinte agus sábháilteacht, bainistíocht airgeadais, soláthar, cosaint leanaí, GDPR, cibearshlándáil, dlí fostaíochta
- A bhfuil tagtha chun cinn ó iniúchtaí agus measúnuithe a chur i bhfeidhm go leanúnach, mar shampla, C&AG, IAU, ESF, HSA, QQI, WSE, MLL, cigireachtaí ábhair agus cigiréachtaí téamacha
- Cur i bhfeidhm céimneach Privacy Engine le haghaidh cosaint sonraí
- Oibriú leis an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) chun próiseas Céim Dearthaí Eagraíochta II a chur chun cinn le cinntiú go mbíonn an líon foirne cáilithe is gá ag GRETB chun gach riachtanas reachtúil a chur i bhfeidhm

Cuspóir 3.3: Timpeallachtaí teagaisc, foghlama agus oibre atá inrochtana, measúil agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil

- An 'Foirgneamh Cambridge' a athchóiriú chun freastal ar an éileamh méadaithe ar phrintísigh leictreacha
- Cás gnó a fhorbairt don "Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí" do réigiún na Gaillimhe agus Ros Comáin, ag éirí as an dea-thoradh ar ár n-iarratas ar mhaoiniú le bheith ar cheann de na suíomhanna Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna (FET)
- Leanacht le cur chun cinn na mórthionscadal caipitil seo - Gaelchampas nua do Choláiste an Eachréidh agus Gaelscoil Riada i mBaile Átha an Rí; sínithe móra a chur le Coláiste Naomh Bríd, Baile Locha Riach, Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Coláiste Chilleáin, An Cnoc Breac, Col. Pobail Ail Finn, Coláiste na Mainistreach agus Coláiste Pobail Ros Comáin
- Dul chun cinn a dhéanamh ar mholtaí faoi scoil nua do Scoil Náisiúnta Phobail Chuan na Gaillimhe agus don mhéadú cóiríochta ag Coláiste an Ardeaspaig Mhic Éil, Tuaim, Coláiste an Chláirín, Coláiste na Coiribe, Inis Oírr agus Inis Meáin
- Leanacht leis an obair TFC/IT chun éifeachtacht agus slándáil bainistíochta gléasanna san eagraíocht a fheabhsú, e.g. teastasú cibearshlándála Cyber Essential Plus a ghnóthú, Intune a chur i bhfeidhm go céimneach, agus mapa bóthair néil *(cloud)* a dhearadh do GRETB
- Feasacht a mhéadú air, agus tús a chur, le hobair ullmhúcháin i dtreo an Bhunchaighdeáin Náisiúnta Cibearshlándála sa tSeirbhís Phoiblí a bhaint amach
- Leanacht le cur i bhfeidhm céimneach leathanbhanda HEA sna hionaid FET
- Cead a lorg Oifigeach Rochtana a cheapadh

Cuspóir 3.4: Modhanna/bealaí nua foghlama agus oibre a leathnú, agus tacú leo

- Leanacht leis an iarracht an leathanbhanda ardluais atá ar fáil i scoileanna a chur ar fáil inár nIonaid Breisoideachais agus Oiliúna (FET)
- An straitéis dhigiteach a bhrú chun cinn i scoileanna, agus an straitéis d'Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) in FET
- Tacaíocht leanúnach don fhoireann agus foghlaimeoirí le cianobair agus cianfhoghlaim trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) agus soláthar acmhainní
- Creat múinteoireachta agus foghlama a fhorbairt do FET chun ardchaighdeáin a chinntiú trasna gach mód seachadta
- Leanacht ag obair le ESBS ar thionscadal seirbhísí comhroinnte (Taisteal & Cothú (T&S), riomhearcaíocht, pinsin, córas bainistíochta conarthaí soláthair, SAP go SUN, tuairisciú airgeadais)

Sprioc Straitéiseach 4:
Próifíl an GRETB a ardú agus cur lenár soláthar, i gcomhpháirtíocht lenár bpríomhpháirtithe leasmhara

Cuspóir 4.1: An Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga bheo agus oibre

- Oibleagáidí GRETB faoi na hAchtanna Teangacha Oifigiúla 2003 agus 2021 a chomhlíonadh, agus feasacht a mhéadú trí chomhoibriú le hOifig an Choimisinéara Teanga (OCT) chun ceardlanna tréimhsiúla a chur ar fáil
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na hocht gColáiste lán-Ghaeilge agus Gaeltachta GRETB
- Spreagadh agus tacaíocht ghníomhach d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) i nGaeilge
- Modhanna nuálacha a scrúdú chun cleachtóirí FET a mhealladh le cláir as Gaeilge a chur ar fáil
- An Clár Scoláireachta DEIS Gaeltachta a riaradh thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- A bheith páirteach i ngradaim Ghaeilge laistigh den earnáil ETB, e.g. "Spraoi" 23

Cuspóir 4.2: An soláthar oideachais agus oiliúna inár réigiún a mhéadú agus a chur chun cinn

- Tacú leis an gComhordaitheoir Éitis GRETB chun Creat na bPátrún a leabú i ngach Scoil GRETB
- Comhordaitheoir a cheapadh chun comhoibriú breise a chruthú le hoideachsóirí treasacha *(tertiary)* sa réigiún, agus deiseanna breise rochtana a fhorbairt

- Cláir céime tríú leibhéal a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU)
- Caidreamh GRETB le fostóirí agus eochairpháirtithe leasmhara sa réigiún a leathnú chun ár bpróifíl a ardú agus tacú le forbairt clár
- Feasacht a ardú faoi Scoileanna Náisiúnta Pobail sa réigiún, féachaint le líon na Scoileanna Náisiúnta Pobail faoi phátrúnacht GRETB a ardú

Cuspóir 4.3: Ár líonraí agus comhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara a fhorbairt agus a láidriú tuilleadh

- I ndiaidh creidiúnú corparáideach a fháil le haghaidh ERASMUS in 2022, an Plean ERASMUS a chur i bhfeidhm go céimneach
- Tacú le forbairt ghlór na dtuismitheoirí i scoileanna GRETB
- Cur lenár gcaidreamh le bunscoileanna chun aistriú rathúil scoláirí chuig iar-bhunscoileanna GRETB a chinntiú
- Cur leis na naisc le príomhpháirtnéirí náisiúnta agus réigiúnacha cosúil leis an Roinn Oideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, SOLAS, an Roinn Leanaí, Léargas, Údarás na Gaeltachta, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe (GRD), Fóram Chonamara, COGG, na hÚdaráis Áitiúla, an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC), an Roinn Coimirce Sóisialaí, agus Fóram Scileanna Réigiún an Iarthair
- Leanacht orainn ag cothú caidrimh le coláistí tríú leibhéal trínár n-ionadaíocht ar Ghrúpa Oibre Ollscoil na Gaillimhe don Aistriú ó Bhreisoideachas go hArdoideachas, agus ag comhoibriú le ATU agus Ollscoil na Gaillimhe ar chláir agus conairí rochtana
- Caidreamh leis an bhFóram Scileanna Réigiúnacha agus IBEC chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí eacnamaíocha agus ar riachtanais scileanna, agus chun deiseanna líonraithe a leathnú
- Cabhrú le BOOÉ/ETBI chun líonraí agus fóraim ghairmiúla ábhartha a chruthú agus a choinneáil le go mbeidh GRETB in ann foghlaim leanúnach a chur chun cinn agus dea-chleachtas a roinnt

Cuspóir 4.4: Tacú le hinbhuanaitheacht trínár n-infreastruchtúr, próisis agus cláir

- Cláir nua FET a thairiscint i dtaca le hinbhuanaitheacht, trasna gach leibhéal soláthair GRETB
- Tús a chur le clár píolótach Talmhaíochta agus Bithéagsúlachta i gcomhpháirtíocht le ETB Laoise agus Uíbh Fhailí agus ETB Thiobraid Árann
- Tús a chur le hobair ar chreat inbhuanaitheachta a fhorbairt
- Leanacht lenár gcaidreamh le Take 1, an tionscnamh trasteorann All-Ireland Schools 4 Climate (ALS4CA), cláir ERASMUS maidir le hathrú aeráide
- Leanacht lenár n-iniúchtaí fuinnimh agus a dtorthaí sin a chur i bhfeidhm
- Cead a lorg chun Oifigeach Inbhuanaitheachta a cheapadh

6 Spriocanna agus Tosaíochtaí maidir le Seachadadh Feidhmíochta

Chomh maith le tosaíochtaí straitéiseacha GRETB do 2023, áirítear leis an bPlean Seirbhíse, bearta, táscairí feidhmíochta agus spriocanna ábhartha a thagann leis na tosaíochtaí atá aitheanta ag an Roinn Oideachais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna mar chuid dá gComhaontuithe Seachadta Feidhmíochta (féach an tábla thíos).

Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Taithí an Dalta/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú			
Eispéireas dearfach foghlama a chur ar fáil do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe	Cur i bhfeidhm an chiste tacaíochta foghlaimeora píolótach in FET *(féach tuilleadh beart gaolmhar faoi thosaíocht 1.1 ar lth 19)*	An ciste sin riartha agus bearta gaolmhara rialachais agus maoirseachta i bhfeidhm	1ú Ráithe 2023
Tacú le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, ag teacht leis an bpolasaí náisiúnta reatha	Bearta a chur i bhfeidhm féachaint leis an tionchar a bhí ag an bpaindéim ar na daltaí/foghlaimeoirí sin atá i mbaol míbhuntáiste oideachais a mhaolú.	Tacaíochtaí curtha ar fáil	Go leanúnach
A chinntiú go bhfuil gach beart curtha i gcrích maidir le cosaint leanaí, de réir na Nósanna Imeachta do Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017. A chinntiú go bhfuiltear comhlíontach go hiomlán leis na Nósanna Imeachta do Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017	A chinntiú go bhfuil gach beart curtha i gcrích maidir le cosaint leanaí, agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh. Tacaíocht agus oiliúint rialta a chur ar fáil do Theagmhálaithe Ainmnithe agus do Bhoird Bhainistíochta.	Bearta curtha i bhfeidhm, agus oiliúint agus tacaíocht curtha ar fáil	Go leanúnach
Cláir Chosanta			
Cuidiú leis an Roinn Oideachais, nuair is gá, chun freastal ar na riachtanais a éiríonn as Clár Cosanta na hÉireann do Dhídeanaithe, agus soláthar a dhéanamh d'iarratasóirí idirnáisiúnta ar chosaint	Comhoibriú go hiomlán de réir mar a thagann an riachtanas chun cinn, agus an fhreagairt a chur in oiriúint do riachtanais oideachais na ndídeanaithe, e.g. ról an Chomhordaitheora REALT ina dtacaíocht do mhic léinn Úcránacha	Tá soláthar ar fáil don uair a iarrfar é	Go leanúnach
Rialachas			
Rátaí tinrimh ag Cruinnithe Boird.	Béim le leagan an athuair ag Cathaoirligh ar an riachtanas go mbeadh lánfhreastal ag gach cruinniú boird mar atá leagtha síos sa Chód Cleachtais Rialachais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna.	Clár Tinrimh	Go leanúnach

Féinmheasúnuithe an Bhoird	Féinmheasúnuithe le déanamh ag gach bord trí úsáid a bhaint as an gceistneoir sa Chód Cleachtais féachaint le réimsí ina bhfuil feabhsúcháin ag teastáil a aithint	Féinmheasúnuithe déanta agus aon mholadh ag éirí curtha i gcrích	Go leanúnach
Saineolas airgeadais ar choistí iniúchta agus airgeadais	Ba cheart don bhord ceapacháin do na coisti iniúchta agus airgeadais a dhéanamh i gcomhairliúchán le cathaoirligh na gcoistí. Ba cheart go mbeadh na scileanna agus taithí iniúchta agus airgeadais atá de dhíth don ról seo ag baill sheachtracha coistí.	Ceapacháin don Choiste Airgeadais agus don Choiste Iniúchta agus Riosca déanta de réir an Chóid	Go leanúnach
Breithmheas an Bhoird ar an obair atá déanta ag na Coistí Airgeadais agus Iniúchta agus Riosca	Ba cheart do Chathaoirleach gach boird a chinntiú go gcuirtear tuairiscí scríofa ar fáil do bhaill boird faoin obair atá á déanamh ag an gCoiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchta agus Riosca de réir mar a éilítear faoin gCód Cleachtais Rialachais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna.	Tuairiscí agus miontuairiscí curtha faoi bhráid an Bhoird ag an gCoiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchta agus Riosca, agus Cathaoirligh an dá choiste sin le freastal ar an mBord chun uasdátú bliantúil a chur ar fáil	Go leanúnach
Forbairt Foirne	Ba cheart don Phríomhfheidhmeannach a chinntiú - go gceapfar ball foirne mar bhainisteoir oiliúna - go gcuirtear i gcrích anailís maidir le riachtanais oiliúna i mbainistíocht airgeadais Tá clár oiliúna maidir le bainistíocht airgeadais forbartha agus a fheidhmiú.	Ball foirne D'fhorbairt & d'Fhoghlaim Ghairmiúil (PD&L) ceaptha agus oiliúint curtha ar fáil nuair is cuí	Go leanúnach
Féinmheasúnú ag Coiste Airgeadais agus Coiste Iniúchta agus Riosca	Ba cheart do chathaoirligh an choiste airgeadais agus an choiste iniúchta agus riosca a chinntiú go ndéanfar cleachtadh féinmheasúnaithe gach bliain	Féinmheasúnú críochnaithe	Go bliantúil
Spriocdhátaí tuairiscithe don Roinn	Ba cheart cloí leis na spriocanna tuairiscithe atá leagtha síos ag an Roinn	Spriocdhátaí comhlíonta	Go leanúnach
Beartas Bainistíochta Riosca	Ba cheart don Bhord (GRETB) a chinntiú go bhfuil próiseas leanúnach ann a bhfuil sé mar aidhm aige na rioscaí suntasacha atá i gceist le baint amach spriocanna aonáin a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart don Choiste Iniúchta agus Riosca tacú leis an mBord sa ról seo.	Próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm	Go leanúnach
Rialú Inmheánach	Ba cheart don Bhord (GRETB) a chinntiú go bhfaigheann sé dóthain dearbhaithe go bhfuil rialuithe sainiúla ag feidhmiú mar atá beartaithe	Próiseas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus an Bord coinnithe ar an eolas faoi sin	Go leanúnach

Achoimre Airgeadais GRETB		
	Bliain dar Críoch	**Measta don Bhliain dar Críoch 2023**
	31/12/2022*	
FÁLTAIS		
Scoileanna & Príomhoifig	62,743,048	61,991,056
Breisoideachas & Oiliúint (FET)***	50,365,619	56,475,788
Seirbhísí don Óige	3,111,976	3,120,000
Gníomhaireachtaí	4,448,005	4,450,000
Féinmhaoinitheach	2,008,972	2,100,000
Caipitil	6,612,713	10,000,000
IOMLÁN	**€129,290,333**	**€137,840,529**
ÍOCAÍOCHTAÍ		
Scoileanna & Príomhoifig	63,393,135	62,000,000
Breisoideachas & Oiliúint (FET)	50,975,165	56,475,788
Seirbhísí don Óige	3,084,481	3,120,000
Gníomhaireachtaí	4,340,892	4,450,000
Féinmhaoinitheach	2,094,254	2,100,000
Caipitil	4,984,536	10,000,000
IOMLÁN	**€128,872,463**	**€138,145,788**
** Tá Íocaíochtaí 2021 faoi réir a n-athraithe i ndiaidh do na Ráitis Airgeadais a bheith tugtha chun críche agus iniúchadh a bheith déanta orthu*		
*[2]**Áirítear leis na fáltais Scoileanna & Príomhoifige 2022 & 2023 aoisliúntas agus creidiúnaithe fáltais ón mbliain roimhe sin.*		
****Tá meastacháin FET 2023 faoi réir a bhfaofa ag SOLAS i ndiaidh don FAR4 a bheith leagtha isteach.*		

SCOILEANNA & PRÍOMHOIFIG GRETB		
	Bliain dar Críoch	**Measta do 2023**
	31/12/2022[1]	
	Fáltais	**Fáltais**
PÁ2	54, 851,506	52,662,721
NEAMHPHÁ (lena n-áirítear deontas Costas Maireachtála aon uaire do 2022)	3,955,435	3,604,640
CLÁIR GHAOLMHARA[2]		
Deontas Leabhar do Dhaltaí i nGátar	187,524	200,346
Maoiniú do Scoileanna Oileáin	45,000	45,000
Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (JCSP)	9,180	9,720
An Ardteistiméireacht Fheidhmeach	19,479	23,405
Fisic & Ceimic	8,190	8,190
Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoile [SSSF][3]	747,813	795,960
Deontas Ranga Speisialta (Trealamh)	5,8229	5,829
An Idirbhliain	81,225	98,705
Caipitíocht Lucht Siúil	60,848	65,000
Deontais Spriocdhírithe		
Deontas DEIS agus Teagmháil Baile, Scoile, agus an Phobail (HSCL)	82,065	83,000
Scéim Aitheantais Scoil Ghaeltachta	471,892	523,857
Deontais Eile Spriocdhírithe	506,021	510,000
Deontais Covid-19	1,349,213	
Scoileanna Náisiúnta Pobail (CNS)	82,821	54,683
Fáltais Eile	279,007	300,000
IOMLÁN	**62,743,048**	**61,991,056**
Clár Caipitil agus Cíos	5,885,673	10,000,000

[1] Tá Íocaíochtaí 2022 faoi réir a n-athraithe i ndiaidh do na Ráiteas Airgeadais a bheith tugtha chun críche agus iniúchadh a bheith déanta orthu
[2] A chuimsíonn ranníocaíochtaí pinsin chomh maith

Breisoideachas agus Oiliúint (FET)

	Bliain dar críoch 31/12/22	Measta do 2023
Iar-Ardteistiméireacht (PLC)	6,860,752	7,785,241
Ógtheagmháil	5,217,590	5,645,213
VTOS	3,593,586	3,923,761
Breisoideachas	16,661,633	19,043,564
Ionad Oiliúna	18,641,604	20,078,009
IOMLÁN FET	**€50,975,165**	**€56,475,788**